

LEATHANACH 267

Dé Luain 12 Meitheamh 2017

Peil Ghaelach

Bhí deireadh seachtaine gnóthach sa pheil Ghaelach agus bhí cluiche spéisiúil i ngach cúige. I gCúige Laighean, bhí comhscór ann ag deireadh an chluiche idir Uíbh Fháilí agus an Iarmhí; bhí deich bpointe ag an dá fhoireann.

I gCúige Mumhan bhí Corcaigh agus Tiobraid Árann ag imirt Dé Sathairn. Bhí an chuma ar an scéal go raibh Corcaigh chun an cluiche a bhuachan, ach ansin fuair Tiobraid Árann cúl. Ón gcic amach, chuaigh Corcaigh chun tosaigh agus fuair siad cúl freisin. Bhuaigh siad an cluiche leis an scór Corcaigh 1-10, Tiobraid Árann 1-09.

I gCúige Uladh bhí cluiche idir Múineachán agus an Cabhán. Tar éis 59 nóiméad, fuair Mc Manus cúl do Múineachán. Ba bheag nach bhfuair an Cabhán cúl ag deireadh an chluiche ach bhuail Ryan Connolly an cuaille. Chríochnaigh an cluiche sin le cúl eatarthu: An Cabhán 0-15, Múineachán 1-15

Dé Domhnaigh bhí cluiche idir Gallimh agus Maigh Eo i gCúige Connachta. Sa chéad leath fuair Keith Higgins cárta dearg agus bhí air an pháirc a fhágáil. Ní raibh ach ceithre imreoir déag ar fhoireann Mhaigh Eo don chuid eile den chluiche. Ar deireadh bhuaigh Gaillimh an cluiche ach ní raibh ach pointe amháin idir an dá fhoireann.

Anann ar phíotsa...an maith leat é?

Fuair Sam Panopoulos bás an tseachtain seo caite. Blianta ó shin i gCeanada, ba é Sam an chéad duine a chuir anann ar phíotsa.

Ar dtús bhain sé féin agus a deartháireacha triail as an bpiotsa leis an anann air agus ansin roinn siad é ar na custaiméirí a bhí acu ina mbialann. Thaitin sé go mór leis na custaiméirí agus shocraigh siad é a chur ar an mbiachlár.

Ghlaoigh siad Hawaiian air agus thosaigh daoine ag díospóireacht faoi. Is cosúil go dtaitníonn an blas go mór le daoine áirithe agus go bhfuil fuath ag daoine eile air.

Cad a cheapann tú féin? Anann nó an gcheapann tú gur leor cáis agus trátaí?



anann

The Voice Kids UK

Thosaigh an clár nua *The Voice Kids UK* ar an teilifís Dé Sathairn. Tá na hiomaitheoirí uile idir seacht mbliana d'aois agus ceithre bliana déag d'aois. Is iad will.i.am, Pixie Lott agus Danny Jones ó *McFly* na moltóirí ar an gclár Dé Sathairn.

D'éirigh go han-mhaith le Adam Maloney ó Chontae an Chláir ar an gclár. Chas an triúr moltóirí dó nuair a chan sé 'When You Love Someone'. Taobh istigh de dheich soicind chas Pixie agus Danny timpeall. Ag an soicind deireanach chas will.i.am. Ansin bhí deis ag Adam moltóir a roghnú agus phioc sé will.i.am.

Chum agus chan Adam amhrán in 2015 chun airgead a bhailiú don charthanacht Pieta House.

